

CÉARD É DUAIS LUX?

Is í Duais LUX, a bunaíodh sa bhliain 2007, an duais chineama a bhronnann Parlaimint na hEorpa gach bliain. Tá dhá phríomhchuspóir ag Duais LUX: aird a tharraingt ar an díospóireacht phoiblí faoin Eoraip agus tacú le léiriúcháin/comhléiriúcháin Eorpacha a scaipeadh laistigh den Aontas. Go deimhin, is é an dáileachán an t-éasc i gcás chineama na hEorpa, agus déanann constaicí teanga níos measa é. Is í aidhm Dhuais LUX na constaicí sin a sháru.

Chabhraigh Duais LUX le scannáin Eorpacha lucht féachana níos mó a bhaint amach trí thacaíocht a chur ar fáil chun fotheidealú a dhéanamh orthu agus iad a dháileadh. Trí Dhuais LUX, tacaíonn Parlaimint na hEorpa leis an éagsúlacht chultúrtha agus cabhraíonn sí le pobail na hEorpa a thabhairt níos gaire dá chéile.

CAD IAD LAETHANTA SCANNÁIN LUX?

Is é atá i gceist leo ná na 3 scannán atá san iomaíocht i gComórtas Oifigiúil Dhuais LUX a thaispeáint i 28 dtír an Aontais Eorpaigh i rith na tréimhse céanna – fómhar 2013. Le haghaidh Laethanta Scannáin LUX, mar chuid de Dhuais LUX, cuirtear fotheidil sna 24 theanga oifigiúil den Aontas Eorpach ar 3 scannán an Chomórtais. Is í an aidhm ná éagsúlacht agus saibhreas an cineama Eorpaigh a roinnt leis an líon is mó Eorpach agus is féidir agus díospóireacht a dhéanamh ar na topaicí a dtarraingítear aird orthu sna

scannáin atá san iomaíocht do Dhuais LUX 2013. Is ábhair atá comónta dúinn go léir atá sna hábhair a ardaítear sna scannáin sin, is iad ár scéalta iad, ár mothúcháin agus tugann siad aghaidh ar shaincheistanna a bhfuil orainn ar fad dul i ngleic leo.

CONAS A ROGHNAÍTEAR NA SCANNÁIN?

Is grúpa de phroifisiúnaigh as tionscal na scannánaíochta a bhíonn ar an bPainéal Roghnúcháin a roghnaíonn na scannáin. Is é rogha an Phainéil Roghnúcháin na 3 scannán a bhíonn sa Chomórtas Oifigiúil.

Is iad Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a dhéanann an cinneadh faoin mbuaiteoir agus a bhronnann an duais, rud a tharlóidh i mbliana ar an 11 Nollaig.

CAD IS AITHEANTAS POBAIL ANN?

Is é an tAitheantas Pobail ná rogha an phobail an scannán nó an téama is fearr leo i gComórtas LUX a roghnú. Níl le déanamh ach cuairt a thabhairt ar ár suíomh gréasáin, luxprize.eu nó ar an leathanach Facebook agus do thuairim a thabhairt. Déanfar an toradh a bheidh ar an Aitheantas Pobail a fhógairt ag Féile Scannánaíochta Idirnáisiúnta Karlovy Vary i Meitheamh/Iúil 2014. Cuireann sé clabhsúr siombalach le heagrán reatha Dhuais LUX agus réitíonn sé an bealach d'eagrán nua, nuair a dhéanfar an 10 scannán le haghaidh Rogha Oifigiúil 2014 a nochtadh.

FÉACH,
PLÉIGH
& VÓTÁIL



@luxprize
#luxprize

WWW.LUXPRIZE.EU



LAETHANTA SCANNÁIN LUX

3 SCANNÁN | 24 THEANGA
28 dTÍR EORPACH
WWW.LUXPRIZE.EU



MIELE

Stiúrthóir: Valeria Golino
Tír: An Fhrainc, An Iodáil
Bliain: 2013
Fad Reatha: 100'
Foireann Aisteoirí: Jasmine Trinca etc
Léiritheoir: Jasmine Trinca, Carlo Cecchi, Libero De Rienzo, Vinicio Marchioni, Iaiá Forte
Producer: Viola Prestieri, Riccardo Scamarcio, Anne-Dominique Toussaint, Raphael Berdugo
Léiriúcháin: Buena Onda, Les Films des Tournelles, Rai Cinema, Cité
Duaiseanna/Roghanna: Cannes 2013, Un Certain Regard, Féile Scannán Brussels; 2013, Comórtas Roghnaithe Oifigiúil Duais LUX., Globi d'Oro 2013, Scannán is fearr den chéad uair, Aisteoir mná is fearr (Jasmine Trinca)

Achoimriú

Tá Irene ina conai ina haonar. Tugann sí cabhair do dhaoine atá i mbéal an bháis chun deireadh a chur lena gcuid saolta trí mhéain na drugaí. Aon lá amháin tugann sí daileóg mharfach do dhuine atá i mbarr a shláinte. Beartaíonn sí an milleán a sheachaint ar an bhféinmharú den duine sin. As sin amach agus i gcoinne a mhinata féin, éiríodh caidreamh neamhgnách agus teannta idir Irene agus Grimaldi agus téann a gcuid saolta ar mhalairt slí.



THE BROKEN CIRCLE BREAKDOWN

Stiúrthóir: Felix van Groeningen
Tír: An Bheilg
Bliain: 2013
Fad Reatha: 110
Foireann Aisteoirí: Veerle Baetens, Johan Heldenbergh, Nell Cattrysse, Geert van Rampelberg, Nils de Caster,
Léiritheoir: Dirk Impens
Comhléiritheoir: Frans Van Gestel, Arnold Heslenfeld, Laurette Schillings
Léiriúcháin: Muenet Producties, Topkapı Films
Duaiseanna/Roghanna: Berlinale 2013, Duais speisialta lucht féachana Panorama CPH PIX 2013, Comórtas Roghnaithe Oifigiúil Duais LUX. Féile ScannánTribeca 2013

Achoimriú

Scéal ghrá idir Elise agus Didier é sin. Tá siopa thatú aici. Seineann sé bainseó le banna ceoil. Titeann said i ngrá lena chéile chomh luath agus a leagann said súil ar a a chéile in ainneoin na ndifriochtaí mhorá idir iad féin. Labhraíonn sé. Eistíonn sí. Andiachaí is ea Didier ach duine rómansúil freisin. Is dunie praiticiúil Elise ach le cros chéasta tatú ar a muineál. Tar éis breithe Maybelle, tá said fíorshona. Ach éiríonn Maybelle breoite go han-dona. Tugann said aghaidh ar an dushlán ar a bhealaí éagsúla féin. Ach ní ligeann Maybelle aon rogha acu. Ní mór dóibh a throid le chéile ar son a n-iníon.



THE SELFISH GIANT

Stiúrthóir: Clio Barnard
Tír: An Ríocht Aontaithe
Bliain: 2013
Fad Reatha: 93'
Foireann Aisteoirí: Sean Gilder, Siobhan Finneran, Lorraine Ashbourne, Steve Evets, Elliott Tittensor, Conner Chapman, Shaun Thomas
Léiritheoir: Tracy O'Riordan
Léiriúcháin: Moonspun Films, BFI Film Fund, FilmFour
Duaiseanna/Roghanna: Cannes 2013, Coicís Stiúrthóra, Comórtas Roghnaithe Oifigiúil Duais LUX.

Achoimriú

Fabhalscéal na linne atá ann faoi Arbor, buachaill de 14 bliaina d'aois agus a chara Swifty. Eiseata ón scoil agus ina eachtrannaigh ina chomhlúadar féin, tosaíonn said ag obair ar son Kitten, mangaire draimh áitúil, ag bailiú draimh mhiotail le capall agus cairt. Buachaillí tréitheacha iad; Swifty leis na capaill agus Arbor i gcúrsaí gnó agus theanga mhilis ina bhéal freisin. Dea-fhoireann atá ann. Ach nuair a eiríonn Arbor satach agus ag baint úsáid as daoine eile ar nos Kitten, eiríonn teannas eadrainn de bharr sin, le toradh tragóideach go n-athrofar na carachtair go leir.

MAR GO bhfuil an chumhacht ag an gcineama dul i bhfeidhm orainn agus ag an gcultúr léargas a thabhairt dúinn.

MAR GUR bealaí idéalacha iad an cineama agus an cultúr chun an cúlra atá i gcomhar againn chomh maith lenár n-éagsúlachtaí a fhionnadh.

MAR GO bhfuilimid aontaithe san éagsúlacht agus gur spás coiteann dúinn an tAontas Eorpach.

Tá **MIELE** le Valeria **GOLINO**, **THE BROKEN CIRCLE BREAKDOWN** le Felix van Groeningen agus **THE SELFISH GIANT** le Clio Barnard ar an gclár don 2ú heagrán de LAETHANTA SCANNÁIN LUX, atá á n-eagrú ag Parlaimint na hEorpa.

Á meas in éineacht dúinn, léiríonn na trí scannán shuntasacha seo a shaibhre atá an cineama Eorpach, an doimhneas atá ag roinnt leis agus a áille atá sé. Tugann gach ceann díobh a léargas féin ar cheisteanna nach mór dár sochaí dul i ngleic leo, agus déileáiltear leis na ceisteanna sin ar bhealach atá réalaióch nó samhlaíoch nó pléitear leo go cadránta nó go fineálta.

Téigh ag féachaint ar na scannáin seo agus tapaigh an deis plé a dhéanamh ar luxprize.eu i dtaobh é a bheith dlísteannach (nó gan a bheith) maolú a dhéanamh ar an bpian atá á fulaingt ag daoine eile nach bhfuil in ann cinntí a bhaineann leis an mbás a dhéanamh dá ndeoin féin (MIELE), nó i dtaobh na slí a n-íompraíonn daoine óga iad féin nuair bhíonn siad scoite amach ag an tsochaí agus ag na hinstiúidí (THE SELFISH GIANT) nó i dtaobh an dochar a dhéantar go tobann do lánúin óg Eorpach de bharr imeachtaí tragóideacha a tharraingíonn amhras ar a gcuid luachanna (THE BROKEN CIRCLE BREAKDOWN).

28 dTÍR EORPACH

BELGIQUE / BELGIË
BRUXELLES / BRUSSEL

БЪЛГАРИЯ
СОФИЯ

ČESKÁ REPUBLIKA
BRNO

DANMARK
KØBENHAVN

DEUTSCHLAND
BERLIN, KÖLN, MÜNCHEN

EESTI
TALLINN

ÉIRE / IRELAND
CORCAIGH / CORK

ΕΛΛΑΔΑ
ΘΕΣΣΑΛΟΝΙΚΗ

ESPAÑA
BARCELONA, GIJON,
LANZAROTE, SANTIAGO DE
COMPOSTELA, SEGOVIA,
SEVILLA

FRANCE
ANGOULÊME, MARSEILLE,
STRASBOURG

HRVATSKA
ZAGREB

ITALIA
ROMA, BOLOGNA

ΚΥΠΡΟΣ
ΛΕΥΚΩΣΙΑ

LATVIJA
RĪGA

LIETUVA
VILNIUS, KAUNAS, PANEVĖŽYS

LUXEMBOURG / LUXEMBURG
LUXEMBOURG / LUXEMBURG

MAGYARORSZÁG
BUDAPEST

MALTA
VALLETTA

NEDERLAND
LEIDEN

ÖSTERREICH
WIEN

POLSKA
WARSAWA, WROCŁAW

PORTUGAL
LISBOA

ROMÂNIA
BUCUREȘTI

SLOVENIJA
LJUBLJANA

SLOVENSKO
BRATISLAVA

SUOMI / FINLAND
HELSINGFORS / HELSINKI

SVERIGE
STOCKHOLM

UNITED KINGDOM
LONDON, BELFAST, GLASGOW

FÉACH,
PLÉIGH
& VÓTÁIL



@luxprize
#luxprize

WWW.LUXPRIZE.EU



GO HACHOMAIR

Téann Miele, Iodálach mná óg, go Meicsiceo mar a gceannaíonn sí paicéad Lamputal, druga a úsáidtear de ghnáth chun codladh a chur ar ainmhithe breoite, ó shiopa poitigéara. Ach nuair a fhilleann sí ar an Iodáil, faighimid amach go bhfuil Miele ag úsáid an druga go mídhleathach chun cabhrú le daoine atá ag fulaingt go hainnis chun bás a fháil sa tslí is fearr is féidir.

I ngan fhios dóibh siúd gar di, tá saol dúbailte á chaitheamh ag an mbean óg. Ansin, lá amháin, iarrann an tUasal Grimaldi, innealtóir ón Róimh, cabhair uirthi. Nuair a fhiafraíonn sí cén fáth, tagann a fhreagra aniar aduaidh ar Miele¹ go hiomlán, mar a thugann sí uirthi féin, agus mar thoradh air ceistíonn sí a prionsabail.

TÉAMA LÁRNACH

Is léir gurb í an eotanáis téama lárnach scannán Valeria Golino agus gur ceist chonspóideach í i mórán tíortha Eorpacha. Cé go bhfuil cúpla tír, amhail an Bheilg, an Ísiltír agus an Eilvéis tar éis eotanáis ghníomhach a dhéanamh dleathach in imthosca áirithe, glacann a bhformhór leis mar dhúnmharú agus dá bhrí sin déileálann siad léi mar chion coiriúil tromchúiseach. Ligeann roinnt tíortha, amhail an Iorua, an Fhionlainn, an Fhrainc agus an Spáinn, orthu féin go bunúsach nach bhfeiceann siad eotanáis éighníomhach, mar shampla trí chúram leighis a tharraingt siar, nuair a bhíonn bás dosheachanta agus nuair a thugann an t-othar lena mbaineann a thoiliú nó a toiliú. Tá tíortha eile atá go traidisiúnta Caitliceach nó Ceartchreidmheach, amhail an Iodáil, an Pholainn, an Phortaingéil agus an Ghréig, tar éis an eotanáis a chosc. San Iodáil, mar a bhfuil Miele suite, glactar leis an eotanáis ghníomhach mar choir is inphionóis le 5 go 16 bliana i bpríosún. Ní lú an chonspóid a bhaineann leis an tsaincheist, áfach, agus cuirfidh scannán Valeria Golino agus an seasamh a thógann sé maidir leis an eotanáis go cinnte agus go fiúntach leis an díospóireacht.

Ní hionann an scannán, áfach, agus sraith argóintí ar son nó i gcoinne na heotanáise dleathaí. Insíonn Miele scéal ar leith a léiríonn neamhábaltacht an phríomhcharachtair a creideamh pearsanta a thabhairt chun réitigh le réaltacht is casta agus gan a bheith chomh soiléir, a mbeidh mar thoradh go luath air go gceisteoidh sí a prionsabail is bunúsaí. Cé go bhfuil an tUasal Grimaldi críonna go maith, fógraíonn sé go tapa go bhfuil sláinte mhaith aige agus go bhfuil sé ag iarraidh lámh a chur ina bhás féin toisc nach spéis leis a bheatha a thuilleadh. Tagann a leithéid de chéim go hiomlán salach ar na rialacha lena gcloíonn Irene (fíorainm Miele) - cuidiú le daoine nach bhfuil aon leigheas ná faoiseamh i ndán dá bhfulaingt nó dá míchumas.

Cé go mbriseann an bhean óg dlí a tíre, géilleann sí do shraith rialacha éagsúla, a n-éiríonn leis an scannán ar shlí éigin a léiriú agus a thástáiltear anois ar shlí nua - ar cheart di glacadh leis, mar a deir Grimaldi, go bhféadfadh go dteastódh ó dhuine lámh a chur ina bhás féin de bhrí go bhfuil siad tuirseach de bheith beo? An ceart cabhrú le duine gníomh dá leithéid a dhéanamh? Tá an díospóireacht mhorálta seo ag teacht le tuiscint ó thaobh Miele ar fhíornádúr na saincheisteanna atá i gceist. Le linn comhrá le Grimaldi, cuireann sí a dhearcadh i gcodarsnacht le dearcadh na ndaoine go léir ar chabhraigh sí leo bás d'fháil le trí bliana anuas agus ar theastaigh uathu, go fuaimintiúil, maireachtáil in ainneoin dálaí beatha dofhulaingthe a bheith ann.

Ag croilár an scannáin tá an cheist maidir le rialacha – cibé acu an bhforchuireann an tsochaí orainn iad nó na cinn sin a leagaimid dúinn féin. Nuair a thugann Miele faoi deara ina hainneoin féin go bhfuil sí tar éis dlí a mheasann sí bheith fuaimintiúil a bhriseadh, ní féidir le Irene cloí fiú leis na rialacha is bunúsaí a leag sí di féin agus í ag cabhrú le daoine chun bás d'fháil (gan frásaí áirithe a úsáid, mar shampla 'slán go fóill' nó 'ar mhaith leat ...', a thugann todhchaí fhéideartha le tuiscint). Tugann sí aghaidh freisin ar fhreagra a cuiditheora agus comhpháirtí, nuair a dhéanann sí cur síos ar dhearcadh Grimaldi, a fhreagraíonn go simplí 'níl aon rialacha ann!' Tá sé dofhulaingthe maireachtáil in éagmais aon rialacha, nó aon dlí sa chiall is beaichte den fhocal don óigbhean.

Trí amhras an phríomhcharachtair, ardaíonn an scannán ceist na rialacha i sochaí an Iarthair, ina bhfuil gach dlí ina ábhar díospóireachta daonlathaí agus ní féidir aon fhealsúnacht, traidisiún ná údarás tarchéimnitheachta, (bíodh sé morálta, polaitiúla nó eile) a fhorchur ar an tsochaí ina iomláine. Ag an am céanna,

in éagmais rialacha aitheanta is féidir le díospóireacht, i gciall bunaidh an fhocail, amhail an ceann a chuireann Irene i gcoinne Grimaldi i gclais, a bheith ina chúis freisin le neamhchinnteachtaí, gan trácht ar imní, a gheobhadh tromlach na ndaoine dofhulaingthe. Seachas ligean don seanfhear saor-rogha a dhéanamh, déanann Irene iarracht ina ionad sin a chur ina luí air a phlean dílis a thréigean. Cé go dtugann sé a bhuidéal barbatúráití ar láimh, léiríonn a fhéinmharú brúidiúil ag deireadh an scannáin chomh maith le teip na hógmhna ceartas a réasúnaithe agus a prionsabal inmheánacha a chur ina luí ar dhaoine eile. Léiríonn an scannán dá bhrí sin, ar shlí éadóchach go leor, an tslí gur féidir le heasaontais fhuaimintiúla a bheith fós ann, cibé acu idir daoine aonair, amhail Irene agus Grimaldi, nó laistigh de theaghlach, idir deartháir tinn agus a dheirfiúr a gcuireann a chinneadh uafás uirthi go hinmheánach, nó fiú idir tíortha na hEorpa, ós rud é go bhfuil beartais éagsúla amach is amach ag an an dá thír chomharsanachta sa scannán, an Eilvéis agus an Iodáil, maidir leis an eotanáis.

CEIST EISEACH?

Agus an tsaincheist á cur ar leataobh cibé acu an cúrsa dlísteanaigh gníomhaíochta an eotanáis nó nach ea má tá duine ag fáil bháis nó ag fulaingt go mór, mar thoradh ar mhian Grimaldi deireadh a chur lena shaoil go hindíreach ceistíonn Irene brí na beatha: beatha an innealtóra, a beatha féin agus beatha gach duine dhaonna. Cad ina thaobh go leanfaimis ar aghaidh ag maireachtáil, a fhiafraíonn an seanfhear, mura bhfuil aon uailmhianta againn ná fonn orainn a thuilleadh le haghaidh rud ar bith?

Is cosúil nach bhfuil Irene ábalta teacht ar aon fhrithargóintí cearta - is cosúil anois go bhfuil a beithsine féin folamh tríd is tríd agus

-1-

-2-

is beag cúis cheart atá aici chun maireachtála. Is é atá ina teaghlach ná a hathair, dá n-insíonn sí bréaga faoina gníomhaíochtaí mídhleathacha, a fhágann í, is cosúil, gan aon am i gcomhair poist a éilíonn tiomantas dáiríre. Cé go gcloíonn Irene le cód eitice pearsanta, is deacair a chreidiúint nach bhfuil aon anáil ag an ionchas gnóthachan pearsanta ar a cuid gníomhaíochtaí tráth ina bhfuil an Iodáil, cosúil le tíortha eile i ndeisceart na hEorpa, ag fulaingt de dheasca ráta ard óg-dhífhostaíochta². Nuair a fhiafraíonn Grimaldi di má tá 'pleananna nó uailmhianta' aici, ní féidir léi ach labhairt faoi 'gníomhaíochtaí' reatha mar is cosúil gurb iad seo an t-aon ghairm bheatha amháin atá aici.

Cé go bhfuil sí i mbun caidrimh rómánsúil le beirt fhear éagsúla, is cosúil go bhfuil paisin ar na caidrimh seo, a tógadh ar bhréaga móra nó beaga agus ar deireadh thiar míshásúil. Ní cosúil gurb é toradh ceachtar de na caidrimh seo go gcuirfidh Irene teaghlach ar bun nó go saolófar leanbh di. Cuirtear stair Irene, áfach, i láthair mar cheann sona, cé gur i bhfoirm cuimhne óna hóige ar shaoire sciála lena hathair agus lena máthair nuair a bhí sí fós beo atá sí. Is léir freisin go bhfuil fíorlonra tacaíochta de dhíth ar Irene.

I dtéarmaí cineamatagrafacha, déantar na carachtair, go háirithe Irene, a scannánú go minic trí scáileáin agus trí fhuinneoga a chuireann bac deighilt ar bun idir iad agus daoine eile is siombal dá n-iargúlacht. Sa tslí chéanna, leithlísíonn an ceol lena n-éistean Irene ar a válcaire digiteach fad is a shiúlann sí ina haonar tríd na sráideanna i measc daoine atá beag beann uirthi.

Is féidir an t-uaigneas sofheicthe a fheiceáil gan amhras mar thoradh amháin ar bhorradh an indibhidiúlachais i sochaí an Iarthair, marcáilte go háirithe ag an laghdú ar na hidéolaíochtaí móra polaitiúla agus reiligiúnacha agus in institiúidí sóisialta, amhail an

teaghlach, ceardchumainn agus an scoil³. Ach cuireann saoirse an duine dá thoradh chomh maith dúshlán nua orainn, is é sin brí a thabhairt nó brí a aimsiú inár mbeithsine féin, go háirithe ag amanna géarchéime, amhail géarchéim a spreag cinneadh Grimaldi.

Cé nach bhfuil siad mar fhreagra díreach ar thráth na géarchéime, is é an t-aon phaisean ceart atá ag Irene ná spóirt atá go fisiciúil dian, rothaíocht agus snámh uisce oscailte go háirithe. Léiríonn an bhéim ar an ngníomhaíocht aonarach, in uisce oighreata a éilíonn culaith uisce, gan amhras infheistíocht shíceolaíoch na hógmhna i snámha, a thairgeann éalú di óna heagla (nach bhfuil luaite go sonrach, ach a éiríonn soiléir i radhairc na heotanáise). Ach fós spóirt indibhidiúil is ea an snámh nach gcruthaíonn aon naisc le daoine eile.

Mar pharadacs, Iorgann sí fíorchaidreamh daonna le Grimaldi, bunaithe ar mhuintín agus an tsaoirse chun a bheith i do dhuine ionat féin, go háirithe tar éis bháis duine óig faoi mhíchumas a shuaitheann í go mór. Ligeann sí a rúin leis agus ar deireadh titeann isteach ina lámha agus í ag gol. Is trúig féinmharú an innealtóra, nach féidir léi a chosc dá heagla eisí uair amháin eile. Faigheann sí freagra, beagnach draíochta, air nuair a théann sí chun Mosc Süleymaniye in Iostanbúl. D'fhéadfaí an radharc ina dtugtar píosa páipéir chun siúil le séideán gaoithe, ar shlí ar labhair Grimaldi faoi, a léirmhíniú i roinnt slite éagsúla, ach léiríonn sé cinnte comhartha dóchais i ndomhan díomách.

Michel Condé
Les Grignoux (Liège, An Bheilg)
<http://www.grignoux.be>

¹ San Iodáil is ciallaíonn miele mil.
² In 2011 bhí dhífhostaíocht i measc daoine faoi 25 níos mó ná 40% san Iodáil agus an Phortaingéil agus níos mó ná 50% sa Spáinn, sa Ghréig agus sa Chróit.
³ François Dubet, *Le Déclin de l'institution*, Paris, Seuil, 2002.

-3-



ROINNT TOPAICÍ LE PLÉ

- *Miele/Irene*: is cosúil go bhfuil domhan na hógmhna roinnte ina ndeighleoga go hiomlán ag an tús. De réir a chéile, áfach, éireoidh an dá chruinne ar leith go teoiriciúil ina ngluaiseann sí fite fuaite le chéile. Cad iad na cúiseanna leis seo?
- Tá ról tábhachtach ag an gceol in *Miele*: go háirithe tionlacann sé na radhairc féinmharaithe chuidithe. Ach úsáidtear ceol i slite eile. Cén tábhacht a thugann na carachtair don cheol? Cén fáth go bhfuil sé chomh riachtanach do na radhairc ina bhfaigheann daoine bás?



-4-